


# Ben Lennon

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bhfidléir clúiteach, Ben Lennon, a fuair bás. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. ómós
2. go forleathan
3. go fial
4. ceol tíriúil fidle
5. traidisiún na fídléireachta
6. corradh agus caoga
7. seanchas
8. faoi anáil
9. ní bheidh a leithéid arís ann
10. ba mhór aige
11. go dílis



Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh.

## Ceist 2

Féach ar na tréithe pearsantachta thíos a luadh sa mhír chun cur síos a dhéanamh ar Ben Lennon. An bhfuil siad ar eolas agat?

- cairdiúil
- tuisceanach
- ceolmhar
- álainn
- greannmhar

Cad faoi na cinn seo anois?

- uaimhianach
- leithleach
- sotalach
- fial
- ceandána
- sprionlaithe
- teasaí
- deisbhéalach

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí cur síos dá chéile ar phearsantacht na ndaoine seo a leanas:

- ♥ do mháthair nó d'athair
- ♥ do chara is fearr
- ♥ an múinteoir is fearr leat
- ♥ duine éigin i do theaghlach

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cárbh as do Ben Lennon agus cén fáth a raibh clú agus cáil air?
2. Cad a dúirt na daoine seo a leanas faoi:
  - Marcas Ó Murchú
  - Oisín Mac Diarmada
  - Mary Bergin
3. Cén gradam a bhuaigh sé sa bhliain 2011?

**Ceist 4** ‘...Contae Liatroma...’

- A. Scríobh amach contaetha na tíre.
- B. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:
  - Cé as tú ó dhúchas?
  - Cá bhfuil Gleann Dá Loch?
  - Cá bhfuil Sí an Bhrú?
  - Cad é an contae is fearr leat sa tír? Cén fáth?
  - Ar thug tú cuairt ar gach contae in Éirinn?

**Ceist 5** Na hiolraí

Bhí iolraí na n-ainmfhocal thíos le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- ceoltóir
- fídléir
- taifead
- máistir
- nócha
- scoil
- cuairt

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil dúil agat i gceol traidisiúnta na hÉireann? Cén fáth?
2. Cén tábhacht atá ag an gceol i do shaol?
3. Conas atá ceoltóirí ag dul i ngleic leis an gcosc atá ar gach tionól poiblí de bharr an choróinvíris?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

|   |                        |
|---|------------------------|
| 1. <i>ómós</i>                          | homage, respect        |
| 2. <i>go forleathan</i>                 | widely                 |
| 3. <i>go fial</i>                       | generously             |
| 4. <i>ceol tíriúil fíde</i>             | rustic fiddle music    |
| 5. <i>traidisiún na fídléireachta</i>   | the fiddling tradition |
| 6. <i>corradh agus caoga</i>            | more than fifty        |
| 7. <i>seanchas</i>                      | folklore               |
| 8. <i>faoi anáil</i>                    | under the influence    |
| 9. <i>ní bheidh a leithéid arís ann</i> | he's one of a kind     |
| 10. <i>ba mhór aige</i>                 | he was moved by        |
| 11. <i>go dílis</i>                     | loyally                |

### Ceist 2

Seo thíos roinnt samplaí, ach bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agat leis na foghlaimeoirí chun cur leis an liosta.

cairdiúil – friendly  
tuisceanach – compassionate, considerate  
ceolmhar – musical  
álainn – beautiful  
greannmhar – funny  
uaillmhianach – ambitious  
leithleach – selfish  
sotalach – arrogant  
fial – generous  
ceandána – headstrong  
sprionlaithe – mean, stingy  
teasaí – hot-tempered  
deisbhéalach – eloquent

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

A.

|   |  |
|---|--|
| Cúige Chonnacht   | Cúige Mumhan   |
| 1. Contae na Gaillimhe<br>2. Contae Liatroma<br>3. Contae Mhaigh Eo<br>4. Contae Ros Comáin<br>5. Contae Shligigh   | 6. Contae Chiarraí<br>7. Contae an Chláir<br>8. Contae Chorcaí<br>9. Contae Luimnigh<br>10. Contae Phort Láirge<br>11. Contae Thiobraid Árann  |
| Cúige Laighean  | Cúige Uladh  |
| 12. Contae Bhaile Átha Cliath<br>13. Contae Cheatharlach<br>14. Contae Chill Chainnigh<br>15. Contae Chill Dara<br>16. Contae Chill Mhantáin<br>17. Contae na hIarmhí<br>18. Contae Laoise<br>19. Contae Loch Garman<br>20. Contae an Longfoirt | 24. Contae Aontroma<br>25. Contae Ard Mhacha<br>26. Contae an Chabháin<br>27. Contae Dhoire<br>28. Contae an Dúin<br>29. Contae Dhún na nGall<br>30. Contae Fhear Manach<br>31. Contae Mhuineacháin<br>32. Contae Thír Eoghain |

|   |  |
|---|--|
| 21. Contae Lú<br>22. Contae na Mí<br>23. Contae Uíbh Fhailí |  |
|---|--|

B.

Tá Gleann Dá Loch i gContae Chill Mhantáin.

Tá Sí an Bhrú i gContae na Mí.

**Ceist 5**

ceoltóir – *ceoltóirí*

fidléir – *fidléirí*

taifead – *taifid*

máistir – *máistrí*

nócha – *nóchaidí*

scoil – *scoilteacha (scoileanna an leagan caighdeánach)*

cuairt – *cuairteanna*

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an topaic a phlé leis an rang iomlán.

### **Siún Nic Gearailt**

Tá ómós léirithe go forleathan don bhfidléir Ben Lennon as Contae Liatroma a fuair bás inné. Dúirt ceoltóirí éagsúla inniu gur fear é a roinn a chuid ceoil agus eolais go fial le gach duine ar bhuail sé leis.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

Ceol tíriúil fidle ó Ben Lennon Chontae Liatroma a fuair bás inné. Ba as Coillte Clochair Ben Lennon, ceantar ónar thóg sé agus a choinnigh sé an ceol i rith a shaoil.

### **Marcas Ó Murchú, Fliúiteadóir**

Ba dhuine iontach lárnach é Ben Lennon i dtraidisiún na fídléireachta i dtuaisceart Liatroma, in iarthar Fhear Manach agus i ndeisceart Dhún na nGall. Thug sé leis traidisiún saibhir na fídléireachta agus an tseanchais ó na seanfhidléirí. Dúirt sé liom go raibh corradh agus caoga duine ina gcónaí sa cheantar a dtiocfadh leat dul ar cuairt acu agus seanchas agus fídléireacht a fhoghlaim uathu agus é óg. Agus, choinnigh sé é sin beo.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

Agus deir fidléirí Chontae Shligigh nach faoi anáil Liatroma amháin a tháinig Ben. D'éist sé le taifid de na máistrí móra mar Michael Coleman agus James Morrison.

### **Oisín Mac Diarmada, Fídléir**

Bhí pearsantacht iontach ag Ben, bhí *presence*<sup>1</sup> mór aige. Agus, chuala mé féin ceol Ben den chéad uair ar an albam álainn sin *Dog Big Dog Little*. Agus ina dhiaidh sin, bhí mé mar dhalta óg ina rang ag Scoil Samhraidh Joe Mooney i nDroim Seanbhó sna nóchaidí agus múinteoir iontach ba ea é Ben. Agus an phearsantacht a bhí aige, bhí sé chomh cairdiúil agus bhí sé chomh tuisceanach mar mhúinteoir.

### **Ailbhe Ó Monacháin**

Agus roinn sé an tuiscint sin ag scoilteacha samhraidh ó Liatroim go Contae an Chláir agus le linn cuairteanna chuig an Spidéal i gConamara.

### **Mary Bergin, Feadógaí Stáin**

Duine ceolmhar, álainn, cairdiúil, greannmhar a bhí ann agus bhí sé i gcónaí sásta a chuid ceoil a roinnt le gach uile dhuine. Is cuimhin liomsa go maith na seisiúin agus an chraic a bhí againn sa Spidéal anseo i dTigh Hughes an samhraidh a bhí sé féin agus a bhean chéile Patsy anseo. Ní bheidh a leithéid ann arís.

Ba mhór aige a ghradam saoil ó TG4 in 2011, mar a dúirt an stáisiún féin – do cheoltóir a raibh tionchar domhain aige ar shaol an cheoil agus a bhí sásta i gcónaí é a chur chun cinn go dílis fial.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> *teacht i láthair* an leagan Gaeilge